# Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin

# 2025 –2030

Plean Comhpháirtíochta Arna Ullmhú ag
Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin





Tá tírdhreach na hÉireann clúdaithe le hoidhreacht shaibhir séadchomharthaí, staire, miotaseolaíochta, béaloidis agus logainmneacha. Tá baint stairiúil, reiligiúnach, mhiotaseolaíoch agus finscéalta nasctha le háiteanna ina bhfuil éagsúlacht agus leochaileacht nádúrtha le fáil, áiteanna amhail na sléibhte, na portaigh, na machairí, na haibhneacha, na lochanna agus an cósta ar fud na hÉireann. Is cuid lárnach dár n-oidhreacht chultúrtha iad na gnéithe seo de na seanlaethanta.
Is comhpháirteanna lárnacha iad freisin den éiceachóras casta a bhfuilimid páirteach ann agus ar a bhfuilimid go léir ag brath.

An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn Meitheamh 2015

# Brollach

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh fhoilsiú Phlean Oidhreachta nua Chontae Chill Mhantáin. Is saibhir agus beomhar oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha Chill Mhantáin, agus táimid thar a bheith bródúil as an oidhreacht sin ar fad. Ag cur le neart na bpleananna roimhe seo agus leis na héachtaí suntasacha atá bainte amach go dtí seo, léiríonn an plean seo tiomantas leanúnach Chomhairle Contae Chill Mhantáin do gach gné dár n-oidhreacht a chosaint, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Leagtar amach sa Phlean seo straitéis maidir leis an tslí a n-oibreoidh Comhairle Contae Chill Mhantáin i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun an oidhreacht seo a chosaint agus a bhainistiú ar mhaithe le muintir uile an chontae, thar na cúig bliana atá amach romhainn.

Thar ceann Chomhairle Contae Chill Mhantáin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin, as a n-iarrachtaí ar fad chun an Plean seo a thabhairt chun críche, agus buíochas a ghabháil leis na daoine sin go léir a ghlac páirt sa phróiseas agus a roinn a dtuairimí chun dul i bhfeidhm ar an straitéis seo agus í á cur le chéile. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith do ról Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin, Deirdre Burns, as an bpróiseas a threorú agus don Chomhairle Oidhreachta as a dtacaíocht leanúnach.

**An Clr Paul O'Brien**
*Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Mhantáin*

*Grianghraf clúdaigh:* Dún Ráth Cuaráin, Bealach Conglais.
Dr. James O Driscoll

Cuirim fáilte roimh an gceathrú Plean Oidhreachta do Chontae Chill Mhantáin. I gCill Mhantáin, is cuid lárnach dár mbraistint áite agus caighdeán ár mbeatha ár gcuid oidhreachta - cuireann sí le háilleacht ár dtírdhreacha, spreagann sí rannpháirtíocht sa phobal, spreagann sí chun cinn ár dturasóireacht, agus tacaíonn sí le forbairt eacnamaíoch agus leis an bhfostaíocht. Trína stiúrthóireachtaí agus seirbhísí, tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta do na hardaidhmeanna atá sa Phlean Oidhreachta nua do Chontae Chill Mhantáin a sheachadadh trí oibriú i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, le heagraíochtaí oidhreachta agus le gníomhaireachtaí stáit. Is mór ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ár gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta le 23 bliain anuas agus tá rún daingean aici ról Oifig Oidhreachta an Chontae agus Fhóram Oidhreachta an Chontae a neartú agus seachadadh ár bPlean Oidhreachta Contae nua a chinntiú.

**Emer O Gorman**
*Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Mhantáin*

Is sócmhainn chomhroinnte í an oidhreacht i gContae Chill Mhantáin, sócmhainn a shaibhríonn saol gach aon duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar 'Ghairdín na hÉireann'. Is rud í ár n-oidhreacht a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin roimhe seo agus a bhfuil freagracht orainn a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht. Mar chathaoirleach Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin, tá áthas orm a rá gur ullmhaíodh an Plean Oidhreachta seo i gcomhairle le pobail ar fud Chill Mhantáin agus go ndearnadh gach iarracht a gcuid tuairimí agus tosaíochtaí a chuimsiú ann. Tá méadú tagtha ar ár mbraistintí ar an oidhreacht le blianta beaga anuas agus tugann an plean seo aird ar gach gné dár n-oidhreacht, idir ár n-oidhreacht inláimhsithe agus ár n-oidhreacht doláimhsithe. Tugann an Plean seo aird chomh maith ar an ngá atá le teagmháil a dhéanamh le pobail nua agus ilghnéitheacha don oidhreacht agus féachann sé le naisc a dhoimhniú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir ar an bhFóram Oidhreachta as a gcuid iarrachtaí. Ba mhaith liom cuimhneamh go háirithe ar John Medlycott, ball luachmhar den Fhóram a cailleadh i mí an Mheithimh 2023, suaimhneas síoraí ar a anam. Táim ag tnúth le cur chun feidhme an Phlean seo thar na cúig bliana atá romhainn agus leis na tairbhí a chothóidh sé do gach aon duine i gcontae Chill Mhantáin.

**An Clr. John Snell**
*Cathaoirleach Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin*

# Buíochas

Ba mhaith leis an Oifigeach Oidhreachta agus leis an bhFóram Oidhreachta buíochas a ghabháil leis na daoine aonair, na grúpaí agus na heagraíochtaí go léir a chur leis an bPlean seo trína gcuid tuairimí a roinnt mar chuid de phróiseas comhairliúcháin an Phlean Oidhreachta, idir an suirbhé a fhreagairt, freastal ar chruinnithe i leabharlanna an chontae nó aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach.

Our Wicklow Heritage

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

WICKLOW
ENDLESS OPPORTUNITIES



# Clár Ábhair


Brollach . . . . . 4
Buíochas . . . . . 6
Réamhrá. . . . . 8
An Oidhreacht i gCill Mhantáin – forbhreathnú . . . . . 9
Comhthéacs beartais Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2025-2030 . . . . . .16
Ár bhFís . . . . . 20
Ár gCuspóir. . . . . 22
Ár nOidhreacht a Chosaint. . . . . 24
Daoine agus Áit a Nascadh. . . . . 27
Ár nOidhreacht a Chomhroinnt agus a Cheiliúradh . . . . . 29
Comhoibriú agus Comhpháirtíocht . . . . . 31
Eolas a Chothú agus a Chomhroinnt . . . . . 34
Ag Freagairt don Athrú Aeráide. . . . . 36
Aguisín 1. Baill Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin . . . . . 39
Aguisín 2. Rogha de Thionscadail an Phlean Oidhreachta Roimhe Seo . . . . . 40
Aguisín 3. Comhairliúchán agus Rannpháirtithe. . . . . 44

# Réamhrá



**I gcontae Chill Mhantáin, is cuid an-fheiceálach ar fad dár dtírdhreach í an oidhreacht. Tá ár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha inláimhsithe mórthimpeall orainn, séadchomharthaí, foirgnimh, áiteanna stairiúla, cartlanna, muirdhreacha, geolaíocht agus fiadhúlra ina measc. Áirítear inár n-oidhreacht chomh maith, ár 'n-oidhreacht dholáimhsithe, is é sin ár stair, ár gcultúr, ár gceol, ár nósanna, ár gceirdeanna, ár scileanna traidisiúnta, logainmneacha agus béaloideas. Sainíonn gach ceann díobh seo le chéile carachtar agus sainiúlacht uathúil an chontae.**

Is creat é seo, an ceathrú Plean Oidhreachta do Chontae Chill Mhantáin, chun bainistíocht agus cosaint níos fearr a dhéanamh ar ár gcuid sócmhainní oidhreachta. I gcroílár an Phlean seo, tá an t-aitheantas gur acmhainn uathúil luachmhar í oidhreacht Chill Mhantáin atá ann do chách agus atá riachtanach dár sláinte agus dár bhfolláine.

# An Oidhreacht i gCill Mhantáin Forbhreathnú

**Tugtar 'Gairdín na hÉireann' ar an gcontae go traidisiúnta, tagairt d'áilleacht agus éagsúlacht a thírdhreacha, idir chósta, tránna gainmheacha, sléibhte garbha, bratphortach, coillearnacha, talamh feirme, locha agus aibhneacha. Tá an-tóir ar an gcontae le fada an lá mar cheann scríbe allamuigh, agus b'fhéidir nach aon iontas é gurbh í Slí Chill Mhantáin an chéad chonair shiúil fhadraoin in Éirinn.**

Is iad Sléibhte Chill Mhantáin is mó atá le feiceáil i lár an chontae, ag soláthar an ardchríche gan bhriseadh is mó sa tír agus Log na Coille sa lár ar airde 925m. Agus é comhdhéanta den chuid is mó d'eibhear agus míocaisiosta agus carraigeacha i bhfad níos sine, amhail grianchloichít, bhí tionchar stairiúil ag an ngeolaíocht agus topagrafaíocht bhunúsach seo ar lonnaíocht agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus é nasctha go díreach le gearradh cloch, mianadóireacht, feirmeoireacht, foraoiseacht agus turasóireacht.

Léirítear tábhacht ár n-oidhreacht nádúrtha san ainmniú reachtúil a rinneadh ar shuíomhanna éagsúla sa chontae. Tá an t-ádh linn go bhfuil Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin againn, áit a gcuimsíonn breis agus 205 km$^2$ den chontae. Is mol é do chláir thiomnaithe oideachais, áineasa agus chaomhantais. Tá roinnt suíomhanna cosanta eile i gCill Mhantáin, chomh maith le go leor tionscadal dearfach um chaomhnú an dúlra. Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha amhail Cairde Éanlaith Éireann, i gceannas ar roinnt mhaith de na tionscadail seo. Tá cuid de na tionscadail seo dírithe ar speicis ar leith atá ar fáil go forleathan i gCill Mhantáin, e.g. an tSíolta Mhór san Abhainn Mhór, agus coilíneacht na nGeabhróg Beag i gCill Chomhghaill.

Tá cláir uaillmhianacha eile, e.g. athchóiriú an bhratphortaigh ag Portach Bharr na Life trí athfhliuchadh agus cobhsú móin lom, ag cothú athléimneacht aeráide agus ag athchóiriú an dúlra.

Tá oidhreacht chultúrtha agus thógtha saibhir agus éagsúil le fáil i gCill Mhantáin. Léiríonn ár suíomhanna agus séadchomharthaí seandálaíochta an stair fhada lonnaíochta sa chontae. Tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar roinnt suíomhanna ar nós Lonnaíocht Mhanachúil Ghleann Dá Loch, Coimpléasc Dún Bhealach Conglais agus Dún na Rátha Gile agus tá na céadta séadchomhartha eile scaipthe go forleathan ar fud Chill Mhantáin. Cuireann siad seo go léir go mór lenár n-acmhainn seandálaíochta.

Ag an leibhéal áitiúil, tá suim ghníomhach ag go leor pobal i dtaighde, i gcosaint agus i mbainistíocht séadchomharthaí áitiúla agus láithreáin seandálaíochta agus tá ról tábhachtach ag an bPlean Oidhreachta maidir le tacú leis sin. Éascaíodh na hiarrachtaí seo go mór le blianta beaga anuas le maoiniú tiomnaithe ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail de chuid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, arna riar trí Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin.  Ina theannta sin, i dtionscnamh de chuid an Phlean Oidhreachta le déanaí cuireadh isteach Seirbhís Seandálaíochta Pobail páirtaimseartha laistigh de Chomhairle Contae Chill Mhantáin, arna cómhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta. Mar thoradh ar an ról píolótach seo tiomsaíodh faisnéis bhonnlíne luachmhar faoinár sócmhainní seandálaíochta agus cuireann sé ar chumas na bpobal áitiúil iad a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Sampla rathúil eile de chomhoibriú is ea an tionscnamh a dhéantar le Scoil na Seandálaíochta, COBÁC, trí Fhóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch a sheachadann clár bliantúil de thochailtí pobail agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta.

Bíonn tionchar láidir ag an oidhreacht ailtireachta ar charachtar ár mbailte agus ár sráidbhailte, ag cur le hómós áite agus ag léiriú ár staire, ár n-éabhlóid agus ár n-ábhar tógála áitiúil. Ó na rianta luath-mheánaoiseacha i mbailte cósta mar Chill Mhantáin agus an tInbhear Mór agus na bailte Victeoiriacha cois farraige Bré agus na Clocha Liatha, chuig na sráidbhailte eastáit sainiúla Áth na Sceire agus Síol Éalaigh agus an traidisiún saibhir gearrtha cloiche atá le feiceáil i sráidbhailte amhail Baile an Chnocáin agus Eachroim go speisialta, tá scéal uathúil oidhreachta Chill Mhantáin a bhfuil dlúthbhaint aige le hailtireacht an chontae le cloisteáil i ngach áit díobh seo.

Ní hamháin go bhfuil tithe eastáit cáiliúla agus tírdhreacha deartha Chill Mhantáin, amhail Cúirt an Phaoraigh, Russborough agus Cill Ruaidhrí luachmhar ó thaobh na hoidhreachta ailtireachta de, ach tá taifid, cartlanna agus bailiúcháin a mbaineann ríthábhacht leo. Tugann an Bóthar Míleata agus an bheairic ghaolmhar a tógadh go luath sna 1800idí léargas uathúil ar stair reibiliúnach Chill Mhantáin, agus is féidir gníomhaíocht thionsclaíoch agus mhuirí, lena n-áirítear mianadóireacht, longthógáil, muilleoireacht agus táirgeadh olla, a rianú trí go leor struchtúr gaolmhar atá le fáil ar fud an chontae.

Trí mhaoiniú a sholáthar d'úinéirí trí na scéimeanna bliantúla deontais caomhantais (Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus Ciste na Struchtúr Stairiúil) arna gcomhordú ag Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin, tugtar cúnamh suntasach chun na foirgnimh seo a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de, chun dea-chleachtas caomhantais a chur chun cinn agus chun tacú le gairmithe oidhreachta agus ceardaithe. Leathnaíodh scóip na scéimeanna deontas oidhreachta tógtha le blianta beaga anuas chun foirgnimh dhúchasacha agus aghaidheanna siopaí stairiúla a chuimsiú, rud a gcuirtear fáilte mhór roimhe maidir le hoidhreacht thógtha Chill Mhantáin.







Foirgneamh mianadóireacht an naoú haois déag Gleann Abhlach, Gleann Dá Lach.

Dallún buí sé ar cuileann trá, Cuan an Bhriotáis.

Teach Chill Ruaidhrí

Tá earnáil phobail agus earnáil dheonach thiomanta, láidir agus ghníomhach ag gabháil don oidhreacht i gCill Mhantáin a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn; ina measc siúd, tá baill Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (ICAN), oibrithe deonacha bithéagsúlachta Chuan an Bhriotáis, baill Athdhúlraigh Chill Mhantáin, rannpháirtithe na mBailte Slachtmhara, grúpaí áitiúla taifeadta bithéagsúlachta, cumainn stairiúla agus comharghnónna seandálaíochta pobail. Tá ról tábhachtach ag an gcomhoibriú agus ag an tsaoránacht ghníomhach i measc na ngrúpaí seo i gcónaí chun ár n-oidhreacht a chosaint agus chun freagairt do na dúshláin a bhaineann le géarchéim na haeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta.

## Maidir le Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2025-2029

Is straitéis é an Plean Oidhreachta don chaoi a ndéanfaimid ár n-oidhreacht a aithint, a chosaint agus a bhainistiú, feasacht a chothú, meas a chothú agus daoine a éascú chun taitneamh a bhaint aisti ar bhealach inbhuanaithe. Tá an Plean bunaithe ar bheartas ábhartha náisiúnta agus áitiúil agus ar thuairimí na ngníomhaireachtaí agus eagraíochtaí iomchuí agus an phobail áitiúil. Leagtar amach sa phlean an fhís agus na spriocanna maidir le cúrsaí oidhreachta a bhainistiú agus chosaint sa chontae agus tugtar creat ann maidir leis an gcaoi a mbainfimid ár bhfís amach trí obair a dhéanamh ar bhealach comhoibríoch.

## An Plean Oidhreachta a Fhorbairt – An próiseas

D'ullmhaigh Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin an Plean Oidhreachta. Is grúpa comhairleach atá ionadaíoch go forleathan é an Fóram Oidhreachta agus bhunaigh an Chomhairle é chun comhairle a sholáthar maidir le hullmhú agus le cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta. Is comhpháirtíocht é Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin atá comhdhéanta d'ionadaithe tofa, agus ionadaithe ó eagraíochtaí oidhreachta, gníomhaireachtaí áitiúla, agus an pobal, arna éascú ag an Oifigeach Oidhreachta (Féach Aguisín 1 do chomhaltaí). Forbraíodh an plean de réir threoirlínte na Comhairle Oidhreachta do Phleananna Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil (2024). Ghlac Comhairle Contae Chill Mhantáin leis an Dréachtphlean Oidhreachta i mí na Samhna 2024, nuair a cuireadh tús leis an dara tréimhse chomhairliúcháin ag lorg aighneachtaí agus freagraí.

## Comhairliúchán

Le linn na céime comhairliúcháin réamhdhréachta (Bealtaine-Iúil 2024), tugadh cuireadh d'eagraíochtaí, do ghníomhaireachtaí ábhartha stáit agus leathstáit, do ghrúpaí áitiúla oidhreachta agus pobail, agus don phobal a dtuairimí a chur in iúl maidir le hoidhreacht Chill Mhantáin. Cuireadh físeán míniúcháin amach agus lorgaíodh aighneachtaí trí shuirbhé ar líne (fuarthas 75 freagra) agus i scríbhinn (fuarthas 11 aighneacht). Reáchtáladh cruinnithe Comhairliúcháin Réamhdhréachta an Phlean Oidhreachta sna leabharlanna brainse i gCill Mhantáin, san Inbhear Mór, i mBaile Coimín, i mBré agus sna Clocha Liath (29 duine i láthair).

Cuireadh an comhairliúchán chun cinn trí mhol comhairliúcháin ar líne Chomhairle Contae Chill Mhantáin **https://consult.wicklow.ie/**, suíomh gréasáin Our Wicklow Heritage **https://heritage.wicklowheritage.org/**, ar na meáin shóisialta, sna nuachtáin áitiúla agus ar East Coast Radio.


- **1** Pháirc Náisiúnta
- **6** Anaclann Dúlra
- **4** Limistéar faoi Chosaint Speisialta
- **112** Ordú Cosanta Crann
- **16** Láithreán Gheolaíochta Contae
- **15** Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
- **35** Limistéar Beartaithe Oidhreachta Nádúrtha
- **2704** Séadchomhartha Taifeadta
- **782** Struchtúr Cosanta
- **16** Limistéar Caomhantais Ailtireachta

Tugadh cuireadh do bhaill Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin agus do bhaill den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí feasacht a chothú ar an bpróiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíocht a spreagadh i measc a mball agus an phobail i gcoitinne. Cuireadh tuarascáil ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin réamhdhréachta le chéile a chur bonn eolais le forbairt an Dréachtphlean Oidhreachta.

Bhí sé mar aidhm ag an bpróiseas comhairliúcháin réamhdhréachta iniúchadh a dhéanamh ar thuairimí daoine maidir leis an gcúis a bhfuil an oidhreacht tábhachtach dóibh, téamaí tosaíochta maidir le bainistíocht agus cosaint na hoidhreachta agus daoine a nascadh leis an oidhreacht, agus na príomhdhúshláin nó bagairtí braite d'Oidhreacht Chill Mhantáin. Rinneadh iniúchadh chomh maith ar bhealaí chun é a dhéanamh níos fusa do dhaoine dul i ngleic leis an oidhreacht agus ar leibhéil spéise i dtionscadail oidhreachta pobail agus in oiliúint.

Measann rannpháirtithe an tsuirbhé chomhairliúcháin réamhdhréachta go bhfuil oidhreacht tábhachtach ar iliomad cúiseanna, cúiseanna a bhaineann lenár stair shóisialta den chuid is mó, le scéal an phobail agus leis an bhfíric gur acmhainn í an oidhreacht nach féidir linn a fháil ar ais má chailltear í agus acmhainn a chuireann lenár n-áit mhaireachtála. Leagadh béim freisin ar luach na hoidhreachta mar oidhreacht do na glúine atá le teacht agus ar an tábhacht a bhaineann lena cosaint agus lena taifeadadh.






Cárta an fichiú céad den Poll an Phúca. Bhuíochas do seirbhís leabharlainne poiblí do Nua Eabhrac.

Reilig an Mainstreach, An tInbhear Mór

Maidir le téamaí tosaíochta a rangú don phlean seo, tháinig caomhnú agus cúram don oidhreacht chun cinn mar thosaíocht shoiléir. Rinne na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo cur síos ar thosaíochtaí a bhaineann le cosaint na hoidhreachta tógtha, lena n-áirítear oidhreacht seandálaíochta e.g. toibreacha beannaithe, liosanna, agus suíomhanna ar leith amhail Coimpléasc Dhúnta Bhealach Conglais, agus oidhreacht ailtireachta bailte agus sráidbhailte amhail Bré, na Clocha Liatha agus Dheilgne. Rinne daoine eile cur síos ar an mbithéagsúlacht a chosaint trí athdhúlrú a dhéanamh, mar shampla, nó trí phortaigh a athfhliuchadh, crainn, tírdhreacha agus fiadhúlra a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta. Tugadh tús áite chomh maith do ghnéithe den oidhreacht chultúrtha a chosaint, idir ghinealais, araltas, agus ceardaíocht agus scileanna traidisiúnta, go dtí an oidhreacht mhuirí. Bhain aighneachtaí i scríbhinn a tugadh don chomhairliúchán leis na téamaí seo chomh maith, agus bhí go leor acu dírithe ar shuíomhanna nó sócmhainní oidhreachta ar leith a chosaint. Tharraing cuid de na daoine a ndeacthas i gcomhairle leo aird ar an ngá atá le tuilleadh maoinithe agus infheistíochta, agus acmhainn bhreise laistigh den Chomhairle Contae a bheith ar fáil chun an oidhreacht a chosaint agus a bhainistiú.

Measadh mar thosaíocht freisin breithnithe oidhreachta a chuimsiú i gcinnteoireacht na n-údarás áitiúil. Bhí tacaíocht láidir ann do dhíriú níos mó ar oidhreacht uathúil Chill Mhantáin, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta, agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht, feasacht agus oideachas oidhreachta. Rinneadh tagairt i bhfreagraí suirbhé agus in aighneachtaí i scríbhinn araon do chuir chuige inbhuanaithe a chur i bhfeidhm maidir leis an turasóireacht agus úsáid áineasa, agus cosaint na hoidhreachta agus rochtain fheabhsaithe, chuimsitheach, bhainistithe ar láithreáin oidhreachta a bheith ina dtosaíochtaí.

Ar na príomhdhúshláin a breathnaíodh don oidhreacht i gCill Mhantáin, bhí bagairtí a bhaineann le fás an daonra agus tithíocht, forbairtí feirmeacha gaoithe agus na tionchair dhiúltacha ghaolmhara ar phobail, bithéagsúlacht, tírdhreacha, agus oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha na mbailte agus na sráidbhailte. Léiríodh imní faoina chinntiú go ndéantar cosaint leordhóthanach ar fhoirgnimh atá faoi chosaint reachtúil agus ar ailtireacht dhúchasach eile le linn forbartha.

Ardaíodh coinbhleachtaí idir cosaint na hoidhreachta agus forbairt úsáidí turasóireachta nó áineasa, leis an iomarca daoine ag freastal ar roinnt láithreán agus láithreáin eile tearcfhorbartha, chomh maith leis an acmhainn atá ann do thurasóireacht inbhuanaithe ar dhlús íseal. Feictear go bhfuil easpa infheistíochta, faillí agus cleachtais bhainistíochta míchuí ina gcúis le cailliúint nó meath ar riocht na hoidhreachta tógtha agus easpa cosanta don bhithéagsúlacht. Ardaíodh ceist an chreimthe cósta agus tionchair an athraithe aeráide ar an oidhreacht chomh maith sa suirbhé, ag cruinnithe leabharlainne agus in aighneachtaí i scríbhinn.

Maidir le daoine a nascadh leis an oidhreacht, áiríodh i measc na dtosaíochtaí a bhí ag freagróirí an tsuirbhé deiseanna oiliúna oidhreachta a sholáthar agus an oidhreacht a cheiliúradh agus a chur in iúl. Measadh go raibh sé tábhachtach freisin tacaíocht a thabhairt do phobail agus acmhainneacht a chothú chun dul i ngleic go gníomhach leis an oidhreacht áitiúil agus an oidhreacht a dhéanamh níos inrochtana do chách.

Sainaithníodh comhairliúchán agus idirphlé leanúnach leis an bpobal chun deis a thabhairt do dhaoine guth a bheith acu agus a bheith páirteach, agus clár éagsúil imeachtaí oidhreachta a chur ar fáil ar bhonn rialta mar phríomhbhealaí le cur ar chumas daoine aghaidh a thabhairt ar an oidhreacht. Luadh cláir éifeachtacha oideachais a chur ar fáil trína scoileanna, cumarsáid, ardú feasachta agus rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leis an oidhreacht mar phointí eile. Ardaíodh forbairt áiseanna músaem i bhfreagraí suirbhé agus fuarthas aighneacht i scríbhinn ar thodhchaí Mhúsaem Muirí an Inbhir Mhóir mar ionad oideachais, cultúir agus turasóireachta.

Luadh mar chumasóirí rannpháirtíochta rochtain fhisiciúil ar shuímh oidhreachta a fheabhsú (e.g. iontráil saor in aisce chuig láithreáin faoi úinéireacht an stáit, iompar poiblí, carrchlóis agus clárchosáin) agus soláthar léirmhínithe ar shócmhainní oidhreachta (go digiteach agus ar an láthair). Léiríodh chomh maith sna haighneachtaí i scríbhinn don chomhairliúchán an tábhacht a bhaineann le rochtain agus léirmhíniú i ndáil le hiniúchadh oidhreachta a dhéanamh faoi stiúir an phobail

**Ar na príomhdhúshláin a breathnaíodh don oidhreacht i gCill Mhantáin, bhí bagairtí a bhaineann le fás an daonra agus tithíocht, forbairtí feirmeacha gaoithe agus na tionchair dhiúltacha ghaolmhara ar phobail, bithéagsúlacht, tírdhreacha, agus oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha na mbailte agus na sráidbhailte.**



Finneog sa bhinn thiar den séipéal méanaoiseach de Achadh Abhall

## Tá suim mhór i measc na ndaoine a ndeachthas i gcomhairle leo deiseanna a bheith acu chun páirt a ghlacadh i raon éagsúil oiliúna agus tionscadal oidhreachta...

le cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch maidir le haithint, léirmhíniú agus comharthaíocht na hoidhreachta áitiúla agus rochtain fheabhsaithe, chuimsitheach, bhainistithe a chur ar fáil ar an tuath le haghaidh raon úsáidí áineasa.

Tá suim mhór i measc na ndaoine a ndeachthas i gcomhairle leo deiseanna a bheith acu chun páirt a ghlacadh i raon éagsúil oiliúna agus tionscadal oidhreachta ó thaighde bithéagsúlachta agus stair áitiúil a thaifeadadh, scéalta pobail a bhailiú, agus claíocha cloiche a athchóiriú go gníomhaíocht ar son na haeráide, freagairt éigeandála ar an bhfiadhúlra agus scileanna digiteacha chun sonraí oidhreachta a chur i láthair ar bhealaí inrochtana.

D'ullmhaigh Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin an Dréachtphlean Oidhreachta agus chomhaontaigh baill Chomhairle Contae Chill Mhantáin é ar 04/11/2024. Tar éis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí, ghlac baill Chomhairle Contae Chill Mhantáin leis an bPlean deiridh ar 03/03/2025.

### An Plean Oidhreachta a chur i ngníomh

Déanfaidh Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin maoirsiú ar chur chun feidhme an Phlean agus déanfaidh an tOifigeach Oidhreachta comhordú air trí chlár oibre bliantúil a fhorbairt agus a sheachadadh, maoinithe ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, ag an gComhairle Oidhreachta agus trí shruthanna maoinithe ábhartha eile. Beidh cur chuige trasrannach leanúnach laistigh den Chomhairle ag teastáil chun uaillmhianta an Phlean Oidhreachta a bhaint amach, rud a bheidh á leanúint go gníomhach ag an Oifigeach Oidhreachta. Cuirfear leis seo trí chomhoibriú le comhghleacaithe tábhachtacha amhail an tOifigeach Bithéagsúlachta, Cartlannaí, leabharlannaí Staidéir Áitiúil, Oifigeach Athghiniúna Baile, Seandálaí Pobail, Foireann um Pleanáil Chun Cinn, an Fhoireann Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta nuair a bhíonn réimsí oibre ag teach lena chéile.

Beidh comhpháirtíocht chomhoibritheach idir na páirtithe leasmhara go léir ríthábhachtach i gcónaí chun an Plean Oidhreachta a sheachadadh go rathúil. Oibreoidh Comhairle Contae Chill Mhantáin leis an gComhairle Oidhreachta, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus grúpaí oidhreachta, chun an Plean a chur i bhfeidhm le teagmháil, tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail.

Tiocfaidh an Fóram Oidhreachta le chéile gach ráithe chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadal agus na ngníomhartha sa chlár oibre bliantúil. Tionólfar grúpaí oibre de réir mar is gá chun tacú le seachadadh an Phlean.







Cárta an fichiú céad den Loch Dán. Bhuíochas do seirbhís leabharlainne poiblí do Nua Eabhrac.

Cárta poist , de Bhré Promenáid









An Rath Gheal. Pictúir ó Simon Dowling Wiki Commons

Cárta an fichiú céad den Poll an Phúca. Bhuíochas do seirbhís leabharlainne poiblí do Nua Eabhrac.

Cárta poist  An tAthair Mhurchú, An tInbhear Mór

## Comhthéacs beartais

# Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2025-2030



## Tá aidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Oidhreachta seo ag teacht le raon beartas ag an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil a bhaineann le bainistíocht, cúram agus cosaint ár n-oidhreachta.

### Idirnáisiúnta

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**

Ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) in 2015 agus is treoirphlean comhroinnte iad don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéid, anois agus amach anseo. Is glao chun gnímh iad na SFIanna ar chomhpháirtíocht dhomhanda chun deireadh a chur le bochtaineacht, chun an pláinéad a chosaint agus a chinntiú go mbainfidh gach duine taitneamh as an tsíocháin agus an rathúnas faoi 2030. Tá 17 sprioc agus gníomhartha agus spriocanna comhlacha iontu maidir le gníomhaíocht fhadtéarmach agus smaointeoireacht straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta.

## Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe



## Aithnítear oidhreacht, idir oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha, oidhreacht inláimhsithe agus doláimhsithe, mar rud bunúsach chun aghaidh a thabhairt ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) na Náisiún Aontaithe (NA). Leagann ICOMOS (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna) treoir bheartais amach 'chun leas a bhaint as cumhacht na hoidhreachta agus luas a chur le baint amach na SFIanna', agus cuireann sé in iúl glao chun gnímh faoi na Prionsabail seo a leanas (ar a dtugtar na 5 P i mBéarla): Daoine, an Pláinéad, Rathúnas, Síocháin agus Comhpháirtíochtaí, prionsabail a léiríonn cineál idirghaolmhar na SFIanna mar seo a leanas:

- **An t-eolas agus na hacmhainní a chuirtear ar aghaidh trí oidhreacht chun folláine Daoine a bhaint amach (SFIanna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 11);**
- **Cur chuige 'Cultúr-Dúlra' agus réitigh atá tírdhreach-bhunaithe chun folláine an Phláinéid a bhaint amach (SFIanna 6, 7, 11, 13, 14, 15);**
- **Na hacmhainní comhroinnte atá fite fuaite leis an oidhreacht chun Rathúnas na bpobal a bhaint amach (SFIanna 5, 8, 9, 11, 12, 14);**
- **Cumhacht nasctha na hoidhreachta chun comhtháthú sóisialta agus idirphlé a bhunú agus Síocháin a bhaint amach laistigh de agus i measc sochaithe (SFIanna 10, 11, 16); agus**
- **Meán comhroinnte na hoidhreachta agus a naisc le gach gné de shaol an duine chun Comhpháirtíochtaí a chruthú (SFIanna 11, 17).**

### Náisiúnta

- **Oidhreacht Éireann 2030, Creat don Oidhreacht 2022, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**
  Tá Oidhreacht Éireann 2030 bunaithe ar fhís dár n-oidhreacht a bheith i gcroílár an dioscúrsa áitiúil agus náisiúnta, meas ag cách uirthi agus faoi chúram agus faoi chosaint do na glúine atá le teacht. Tá trí théama sa chreat: pobail, ceannaireacht agus comhpháirtíochtaí.

- **Ár nÁit in Am, Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028**
  Leagtar amach i Straitéis na Comhairle Oidhreachta fís chuimsitheach do chaomhnú agus do bhainistiú oidhreachta in Éirinn agus í comhdhlúite i sé cholún straitéiseacha agus gníomhartha comhfhreagracha: Ceannaireacht agus Maoirseacht, Athrú Aeráide agus Caillteanas Bithéagsúlachta, Taighde, Comhpháirtíocht, Pobail, agus Oideachas agus Rannpháirtíocht.

- **An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023- 2030**
  Tá sé mar aidhm ag an gceathrú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta seo de chuid na hÉireann a chinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoin mbithéagsúlacht agus ar an tábhacht a bhaineann léi, agus ar na himpleachtaí a bhaineann lena caillteanas, agus go dtuigeann siad conas "gníomhú ar son an dúlra". Féachann an plean freisin le moltaí Thionól na Saoránach ar Chaillteanas Bithéagsúlachta a fhreagairt.

- **An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025**
  Soláthraíonn an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí don tréimhse 2021-2025 léarscáil bhóithre chun cabhrú le beacha, le feithidí pailnitheacha eile agus leis an mbithéagsúlacht go ginearálta. In 2019, chláraigh Comhairle Contae Chill Mhantáin go hoifigiúil mar chomhpháirtí don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus tá sí tiomanta d'obair a dhéanamh leis an Lárionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun gníomhartha ábhartha a sheachadadh.

- **An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025**
  Shínigh agus dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa in 2004. Úsáidtear an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha chun comhlíonadh an Choinbhinsiúin um Thírdhreach na hEorpa a chinntiú agus is creat é chun cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha.

- **An Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024**
  Leagtar amach sa tríú Plean Gníomhaíochta bliantúil ar son na hAeráide gníomhaíochtaí chun an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach, is é sin an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050.

- **Oíche Chultúir 2025**
  Is Creat Beartais é Cultúr 2025 a bhfuil sé mar chuspóir aige cur chuige aontaithe agus comhleanúnach a chinntiú i leith beartas cultúrtha ar fud an rialtais agus i leith pleanála agus soláthair ar fud na hearnála cultúrtha. Is é Clár Éire Ildánach an Rialtais an creat forfheidhmithe chun cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn agus a neartú ar fud na hÉireann.

- **Straitéis Náisiúnta um Obair dheonach 2021– 2025**
  Is é cuspóir na straitéise seo luach agus obair uathúil oibrithe deonacha do shochaí na hÉireann a aithint, a thacú agus a chur chun cinn. Tá tairbhe eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta na hoibre deonaí le brath trí raon leathan gníomhaíochtaí ,lena n-áirítear oidhreacht.

## Pleananna agus Beartais Contae

- **Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028**
  Leagann an Plean Forbartha Contae creat spásúlachta straitéiseach amach maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe Chontae Chill Mhantáin. Tá an Plean bunaithe ar thrí théama leathana uileghabhálacha: comhfhorbairt áite, athrú aeráide, agus forbairt eacnamaíoch.

- **Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chill Mhantáin 2024-2029**
  Forálann an tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 do gach údarás áitiúil Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) a chur le chéile. Leagtar amach sa phlean na bearta atá riachtanach chun forbairt pobail agus eacnamaíoch a chur chun cinn agus tacú leo i gContae Chill Mhantáin.

- **Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Mhantáin 2019-2024**
  Is cur chuige straitéiseach ar fud na heagraíochta é seo a chuimsíonn gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin ar fud na gcúig cheantar bhardasacha. Leagtar amach ann cuspóirí maidir le cuimsiú sóisialta, comhionannas, cearta an duine, imirce agus athrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe, seirbhís ardchaighdeáin agus ceannaireacht pobail.

- **Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Mhantáin**
  Tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta nua do Chill Mhantáin á ullmhú. Is cur chuige spriocdhírithe agus comhordaithe é an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta do chaomhnú na bithéagsúlachta sa chontae, ag aithint gnáthóga agus speicis tosaíochta, na gníomhartha is gá chun a dtodhchaí a chinntiú, agus deiseanna comhpháirtíochta.

- **Plean Chill Mhantáin um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024- 2029**
  Is é sprioc an Phlean ná aistriú go contae atá bithéagsúil, inbhuanaithe, neodrach ó thaobh carbóin de agus athléimneach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Déanfar bearta maolaithe agus oiriúnaithe a sheachadadh ar fud na seirbhísí agus na bhfeidhmeanna a sholáthraíonn an Chomhairle.

- **Straitéis Chaitheamh Aimsire Lasmuigh Chill Mhantáin 2020 - 2025**
  Leagtar amach sa straitéis seo treoirphlean chun acmhainn Chontae Chill Mhantáin, ar áit caitheamh aimsire lasmuigh seanbhunaithe agus a úsáidtear go minic cheana féin é, a ghnóthú tuilleadh. Féachann an Straitéis leis na hacmhainní caitheamh aimsire a chomhdhlúthú, agus a chinntiú go seachadtar iad go heacnamaíoch don cheantar, i dtéarmaí caitheamh aimsire d'úsáideoirí, agus ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

- **Straitéis Chultúir agus Chruthaitheacht Éireann, Cill Mhantáin 2023-2027**
  Soláthraíonn Comhairle Contae Chill Mhantáin clár Pobail Cruthaitheacha chun ligean do shaoránaigh Chill Mhantáin a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach. Tacaíonn an straitéis le beartas na Comhairle a chur i bhfeidhm i réimsí eile lena n-áirítear Oidhreacht.

- **Straitéis Turasóireachta & Plean Margaíochta Chill Mhantáin 2018 – 2023**
  Tá sé mar aidhm ag straitéis fáis na turasóireachta cuairteanna seachbhuaice a uasmhéadú, gnó a sheachadadh ar feadh na bliana, a bheith ar ardluach, cuairteoirí idirnáisiúnta agus intíre a mhealladh agus an tionchar eacnamaíoch dearfach a uasmhéadú. Leagtar amach i bPlean Forbartha Chill Mhantáin an acmhainn le haghaidh turasóireacht tuaithe inbhuanaithe, sainréimsí turasóireacht agus fiontraíocht.

# Ár bhFís

Léirthuiscint ar ár n-oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha a neadú i gcroí agus in intinn gach duine i gContae Chill Mhantáin, ag cinntiú go ndéantar ár n-oidhreacht a cheiliúradh agus a bhainistiú go cúramach.



Scréachóg Reilge,
Grúpa Screéachóg Reilge
Chill Mhantáin

# Ár gCuspóir

Tá sé mar aidhm ag an bPlean tacú le cosaint agus cur chun cinn níos fearr ár n-oidhreacht trí fheasacht a chothú, trí acmhainn a chothú san earnáil oidhreachta agus trí athléimneacht aeráide a chothú inár sócmhainní oidhreachta.

**Táimid dírithe ar na sé phríomhthéama straitéiseacha seo a leanas:**

- **Ár nOidhreacht a Chosaint**
- **Daoine agus Áit a Nascadh**
- **Ár nOidhreacht a Chomhroinnt agus a Cheiliúradh**
- **Comhoibriú agus Comhpháirtíocht**
- **Eolas a Chothú agus a Chomhroinnt**
- **Ag Freagairt don Athrú Aeráide**





# Ár nOidhreacht a Chosaint

Tacú le cosaint agus bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar Oidhreacht Chill Mhantáin trí chumas na hEarnála Oidhreachta a mhéadú agus trí ghníomhaíocht atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn.

**"Is iarsma fíorthábhachtach é Cill Mhantáin de bhithéagsúlacht ollmhór na hÉireann roimhe seo, agus má chosnaítear i gceart í, is féidir léi feidhmiú mar dhaonra foinseach don fhiadhúlra a ligfidh dó teacht chuige féin ar an gcuid eile d'oileán na hÉireann."**

RANNPHÁIRTÍ COMHAIRLIÚCHÁIN



Bóin Dé ar neantóg.
Richard Nairn



Tionscadal Scréachóg Reilige Chill Mhantáin
*Féach Aguisín 2 chun teacht ar shonraí faoin tionscadal seo agus tionscadail oidhreachta eile roimhe seo.*

| **Gníomhartha** | | **Torthaí** |
|---|---|---|
| 1 | Tacú le cumas feabhsaithe laistigh de Chomhairle Contae Chill Mhantáin chun freastal ar na héilimh ar sheirbhísí oidhreachta na n-údarás áitiúil trí acmhainní a chur ar fáil do shaineolas oidhreachta ildisciplíneach breise. | Feabhas curtha ar acmhainn, scileanna, acmhainní agus saineolas oidhreachta laistigh de Chomhairle Contae Chill Mhantáin. |
| 2 | Tacaíocht a thabhairt le Seirbhís Chartlainne Chontae Chill Mhantáin chun oidhreacht chartlainne Chontae Chill Mhantáin a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana. | |
| 3 | Scéim Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin agus na gníomhaíochtaí luachmhara caomhnaithe, taighde agus rannpháirtíochta pobail a sholáthraíonn sí a chothú agus a fhás. | |
| 4 | Tacú le beartas láidir cosanta oidhreachta a áireamh i bPleananna agus i gcláir Chontae agus Réigiúnacha (i.e. Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin, Pleananna Ceantair Áitiúil, Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach[1], Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe[2] Oiriúnú Aeráide agus Beartas Lár Bailte ar dTús[3]). | Léirítear beartas oidhreachta i ngach clár agus plean de chuid na Comhairle |
| 5 | Tacú le forbairt comhairle beartais bunaithe ar fhianaise chun cosaint níos fearr a dhéanamh ar charachtar stairiúil na mbailte agus na sráidbhailte. | |
| 6 | Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta caomhantais mar dhea-chleachtas chun sócmhainní oidhreachta atá faoi smacht na Comhairle a bhainistiú agus comhpháirtíochtaí a fhiosrú mar is cuí chun an cur chuige seo a chur chun cinn do shócmhainní eile nach dtagann faoi smacht na Comhairle. | Pleananna Bainistíochta Caomhantais breise ullmhaithe do phríomhláithreáin agus láithreáin |

1 Tá sé mar aidhm ag an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a sheachadadh, mar a shamhlaítear faoi Thionscadal Éireann 2040 trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail athnuachana i gcúig chathair na hÉireann agus i mbailte móra eile ar fud na tíre. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/

2 Is príomhscéim infheistíochta caipitil é an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe a thacaíonn go díreach le cuspóirí Ár dTodhchaí Tuaithe agus an Beartas Lár Bailte ar dTús. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/

3 Is mórbheartas trasrialtais é an Príomhbheartas Lár Bailte ar dTús a seoladh ar an 4 Feabhra 2022, a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic le folúntais, dul i ngleic le tréigean agus saol nua a thabhairt isteach i lár ár mbailte. Moltar ann cur chuige iomlánaíoch, áitbhunaithe i leith na forbartha tuaithe inbhuanaithe https://www.gov.ie/ga/publication/473d3-town-centre-first-policy/

| Gníomhartha | | Torthaí |
|---|---|---|
| 7 | Tacú le hathghiniúint oidhreacht-threoraithe agus le hathúsáid oiriúnaitheach na hoidhreachta tógtha i sráidbhailte, i mbailte agus i dtírdhreacha íogaire trí threoir an dea-chleachtais agus na pleanála san fhearann poiblí a chur chun cinn[4]. | Cúram agus cothabháil níos oiriúnaí á déanamh ar struchtúir stairiúla. |
| 8 | Úsáid scileanna traidisiúnta tógála a chur chun cinn agus tacú leo i gcúram agus i gcothabháil struchtúir stairiúla. | |
| 9 | Deiseanna maoinithe a ghiaráil amhail Ciste na Séadchomharthaí Pobail[5], Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha[6], Tionscnamh na mBailte Stairiúla[7] agus Scéim Croí Cónaithe[8] chun cúram, caomhnú agus cur chun cinn na séadchomharthaí seandálaíochta agus na hoidhreachta ailtireachta a chur ar chumas na Comhairle, úinéirí príobháideacha, caomhnóirí agus grúpaí pobail. | Infheistíocht mhéadaithe i gcosaint na hoidhreachta. |
| 10 | Feasacht ar shruthanna maoinithe a chur chun cinn chun tacú le tionscadail oidhreachta pobail, mar Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta[9], cistí gníomhaíochta aeráide agus bithéagsúlachta Fhondúireacht Pobail Éireann[10]. | |
| 11 | Tacú le feidhmiú céimneach scéime comhairle caomhantais chun cabhrú le pobail agus le daoine aonair bainistíocht agus cosaint níos fearr a dhéanamh ar shócmhainní oidhreachta. | Cumasaítear tionscadail oidhreachta ar ardchaighdeán faoi stiúir an phobail. |
| 12 | Feabhas a chur ar chumas pobal áitiúil oidhreacht bainistíocht agus taifeadadh oidhreachta níos fearr a dhéanamh trí oiliúint agus tacaíocht a sholáthar. | |
| 13 | Oibriú leis an Oifigeach Bithéagsúlachta chun tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm Phlean Bithéagsúlachta Chontae Chill Mhantáin 2025-2030 chun príomhghnáthóga agus príomhspeicis a chosaint. | Cosaint feabhsaithe ar oidhreacht Chill Mhantáin. |
| 14 | Oibriú tras-rannach leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide chun tacú le tionscnaimh chun feabhas a chur ar athléimneacht aeráide ár n-oidhreacht nádúrtha, tógtha agus cultúrtha | |

4 Spásanna agus áiseanna faoi úinéireacht phoiblí.
5 Bunaíodh Ciste na Séadchomharthaí Pobail den chéad uair in 2020 chun infheistíocht a sholáthar in oidhreacht seandálaíochta na hÉireann. Tugtar tús áite do mhaoiniú d’údaráis áitiúla, d’úinéirí príobháideacha agus caomhnóirí agus do ghrúpaí pobail le haghaidh cúram, caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí seandálaíochta. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/
6 Is scéimeanna deontais bliantúla iad Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha agus an Ciste um Struchtúr Stairiúil chun tacú le deisiú agus caomhnú Struchtúr Cosanta agus foirgneamh stairiúil eile agus chun tacú le scileanna oidhreachta, ceardaithe agus conraitheoirí gaolmhara. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/
7 Tionscnamh is ea Tionscnamh na mBailte Stairiúla chun athghiniúint oidhreacht-threoraithe a chur chun cinn agus chun cáilíocht ár mbailte agus sráidbhailte stairiúla a fheabhsú do chónaitheoirí agus do thurasóirí. https://www.heritagecouncil.ie/
8 Is deontas athchóirithe do réadmhaoine folmha é an Scéim Croí Cónaithe (Cathracha) chun réadmhaoine folmha a athchóiriú ar chúiseanna cónaithe. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/
9 Tá Scéim na nDeontas Oidhreachta Pobail ina scéim deontais bhliantúil do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha seachbhrabúis ar fud na tíre chun tabhairt faoi thionscadail oidhreachta https://www.heritagecouncil.ie/
10 Is eagraíocht dhaonchairdiúil í Fondúireacht Pobail Éireann agus a deontóirí, a sholáthraíonn eolas, saineolas agus faisnéis chun tabhartais éifeachtacha agus straitéiseacha a chinntiú.

# Daoine agus Áit a Nascadh

Léirthuiscint ar shaibhreas oidhreacht Chill Mhantáin a mhéadú trí fhiosracht a spreagadh, rochtain do chách a fheabhsú agus tuilleadh deiseanna a sholáthar do dhaoine aghaidh a thabhairt ar an oidhreacht ar bhealaí nua agus nuálacha.

"Cothaíonn an oidhreacht nasc domhain idir daoine agus a dtimpeallacht, rud a chuireann maoirseacht agus cleachtais inbhuanaithe chun cinn. Feidhmíonn sí freisin mar acmhainn oideachais, a shaibhríonn eolas agus léirthuiscint do na glúnta atá le teacht."

RANNPHÁIRTÍ COMHAIRLIÚCHÁIN





Fóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch
*Féach Aguisín 2 chun teacht ar shonraí faoin tionscadal seo agus tionscadail oidhreachta eile roimhe seo*

| Gníomhartha | | Torthaí |
|---|---|---|
| 15 | Taifead a dhéanamh agus béim a chur ar ghnéithe idirnasctha d’oidhreacht inláimhsithe agus doláimhsithe Chill Mhantáin, lena n-áirítear stair, daoine agus tírdhreacha, áiteanna, oidhreacht gheolaíochta, ainmneacha páirce, agus oidhreacht agus traidisiúin an bhia. | Eolas agus tuiscint fheabhsaithe ar ár nOidhreacht Chill Mhantáin. |
| 16 | Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (ICAN) i gContae Chill Mhantáin a neartú agus a leathnú i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta mar mheán a chabhróidh le pobail nascadh lena n-oidhreacht áitiúil agus í a thaifeadadh. | |
| 17 | Oibriú le ranna ábhartha de chuid na Comhairle, Foirne Baile agus páirtithe leasmhara áitiúla eile chun cur chuige comhfhorbartha áite atá faoi stiúir an phobail a leabú in oibreacha nua an fhearainn phoiblí agus in infrastruchtúr nua conairí agus taistil ghníomhaigh. | Infheictheacht agus aitheantas méadaithe léirithe ar an oidhreacht áitiúil i spásanna poiblí. |
| 18 | Oibriú le Foirne Baile agus le grúpaí pobalbhunaithe eile chun úsáid spásanna folmha agus ionaid agus formáidí neamhthraidisiúnta a spreagadh chun beocht a chur san oidhreacht áitiúil. | |
| 19 | Oibriú le chéile chun feabhas a chur ar rochtain ar Shéadchomharthaí Náisiúnta Chill Mhantáin agus ar shuíomhanna seandálaíochta faoi úinéireacht phoiblí trí dhearadh uilíoch agus raon cur chuige cuimsitheach i leith léirmhínithe, idir chuir chuige suíomhbhunaithe agus chuir chuige digiteacha. | |
| 20 | Deiseanna a lorg chun oidhreacht a leabú i gcláir phobalbhunaithe eile atá dírithe ar shláinte agus folláine, le fócas ar leith ar uilechuimsitheacht trí dhul i dteagmháil le pobail nua agus pobail imeallaithe. | Rochtain níos fearr do chách ar oidhreacht Chill Mhantáin. |
| 21 | Cur chuige inbhuanaithe a spreagadh i leith na turasóireachta agus caitheamh aimsire a chosnaíonn tírdhreacha íogaire agus a uasmhéadaíonn deiseanna do naisc bhríocha le hoidhreacht nádúrtha agus chultúrtha. | |

# Ár nOidhreacht a Chomhroinnt agus a Cheiliúradh

Feasacht agus díograis a chothú maidir le hoidhreacht Chill Mhantáin trí dheiseanna rannpháirtíochta agus foghlama a sholáthar a chothaíonn mórtas cine is ceantair agus a chuireann ar chumas gach duine gach a bhfuil againn a chaomhnú agus a cheiliúradh. Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an líonra tiomanta, láidir agus gníomhach de ghrúpaí pobail, oibrithe deonacha agus eagraíochtaí sa chontae.

"Scéal na hoidhreachta a choimeád beo do na glúnta atá le teacht."

RANNPHÁIRTÍ COMHAIRLIÚCHÁIN






Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann, ICAN
*Féach Aguisín 2 chun teacht ar shonraí faoin tionscadal seo agus tionscadail oidhreachta eile roimhe seo*

| Gníomhartha | | Torthaí |
|---|---|---|
| 22 | Oidhreacht éagsúil ár bpobal uile i gCill Mhantáin a cheiliúradh agus a iniúchadh agus bealaí a lorg chun é seo a roinnt agus a cheiliúradh ar ardáin phoiblí. | |
| 23 | Clár cumarsáide bliantúil a fhorbairt chun béim a chur ar éachtaí faoi Phlean Oidhreachta Chill Mhantáin agus iad a cheiliúradh. Áirítear leis sin deiseanna le haghaidh líonrú pearsanta agus imeachtaí comhroinnte eolais, chomh maith le hábhar ar líne, postálacha ar na meáin shóisialta agus cur chun cinn. | |
| 24 | Na deiseanna a chuireann Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta agus an tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta ar fáil chun oidhreacht Chill Mhantáin a cheiliúradh a uasmhéadú agus deiseanna a iniúchadh chun oidhreacht a neadú i dtionscnaimh eile amhail an Oíche Chultúir agus Seachtain na nInnealtóirí, Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide de réir acmhainne. | Oidhreacht Chill Mhantáin á ceiliúradh agus á roinnt go forleathan ar fud an chontae. |
| 25 | Oidhreacht Chill Mhantáin a cheiliúradh agus a roinnt trí thaispeántais, foilseacháin, teicneolaíocht dhigiteach, na meáin thraidisiúnta agus na meáin shóisialta a eisiúint. | |
| 26 | Úsáid na n-acmhainní den scoth atá ar fáil trí Leabharlanna Chill Mhantáin, Staidéir Áitiúla agus seirbhísí Chartlann an Chontae a bharrfheabhsú chun tacú le taighde, oiliúint agus comhroinnt eolais sa réimse staidéar áitiúil. | |
| 27 | Oibriú i gcomhpháirtíocht le soláthraithe chun tacú le hoideachas oidhreachta spreagthach agus ábhartha a sholáthar do leanaí, daoine óga agus múinteoirí i raon suíomhanna, agus béim á cur ar an seomra ranga lasmuigh agus ar fhoghlaim dúlra-bhunaithe. | Leanaí agus daoine óga i dteagmháil leis an dúlra agus níos mó ama á chaitheamh lasmuigh. |

# Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

Feidhmeoidh an Plean Oidhreachta mar spreagadh do ghníomhaíocht chomhpháirtíochta chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar chosaint ár n-oidhreachta agus chun rannpháirtíocht an phobail a neadú.



| Gníomhartha | | Torthaí |
|---|---|---|
| 28 | Príomh-chomhpháirtíochtaí oidhreachta a neartú chun cur i bhfeidhm clár náisiúnta a éascú ar leibhéal áitiúil ar nós Coimeádaithe Oidhreachta[11], an Scéim Oidhreachta sna Scoileanna[12], Uchtaigh Séadchomhartha, an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí[13] agus obair Chomhairle Ardtailte Chill Mhantáin. | |
| 29 | Tacú le rannpháirtíocht sa phobal agus comhpháirtíochtaí nua chun taighde a dhéanamh, a chosaint, a bhainistiú agus a cheiliúradh ar thírdhreacha a mbaineann an-suntas oidhreachta leo ag Gleann Dá Loch agus ag Coimpléasc Dhúnta Bhealach Conglais, ag fiosrú deiseanna do Stádas mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda a bhaint amach, mar is cuí. | |
| 30 | Samhlacha de chomhoibrithe oidhreachta pobail atá ann cheana a chothú agus a fhorbairt amhail Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (ICAN) agus Fóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch agus deiseanna a fhiosrú chun cinn nua a fhorbairt. | Tá raon comhoibrithe gníomhacha agus bríomhara i bhfeidhm as a dtagann cosaint agus cur chun cinn feabhsaithe ar oidhreacht Chill Mhantáin. |
| 31 | Tacú leis an ról ríthábhachtach atá ag oibrithe deonacha agus grúpaí oidhreachta, trí éascaíocht a dhéanamh ar líonrú, ar acmhainn an phobail a fhorbairt agus ar eolas a chomhroinnt. | |
| 32 | Comhoibrithe ildisciplíneacha, cruthaitheacha, ealaíne agus cultúrtha a fhorbairt trí Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chill Mhantáin agus an Clár Éire Ildánach[14] mar spreagadh chun daoine a nascadh le hoidhreacht. | |
| 33 | Dul i dteagmháil le Screen Wicklow chun comhoibrithe a fhiosrú chun oidhreacht uathúil scannán Chill Mhantáin a cheiliúradh. | |
| 34 | Tacú le hobair Mhúsaem Muirí an Inbhir Mhóir agus abhcóideacht a dhéanamh maidir le samhail oibriúcháin níos sláine agus níos inbhuanaithe a fhorbairt. | |

11 Tá an Clár Coimeádaithe Oidhreachta oscailte do ghrúpaí pobail agus bunscoileanna ó gach cearn d'Éirinn chun tacú le tionscadal a phleanáil a chothaíonn nó a chaomhnaíonn gné den oidhreacht áitiúil thógtha, chultúrtha nó nádúrtha. Is féidir le Coimeádaithe Oidhreachta deontas a sholáthar freisin chun an gníomh seo a chur i gcrích https://www.heritagekeepers.ie/

12 Soláthraíonn an Scéim Oidhreacht sna Scoileanna painéal de Speisialtóirí Oidhreachta a thugann cuairt ar bhunscoileanna (go pearsanta nó go fíorúil) chun cabhrú le leanaí agus lena múinteoirí foghlaim faoina n-oidhreacht áitiúil agus meas a chothú uirthi. https://www.heritageinschools.ie/

13 Is creat é Plean Uile-Éireann um Pailneoirí a thugann le chéile earnálacha éagsúla ar fud oileán na hÉireann chun tírdhreach a chruthú inar féidir le pailneoirí maireachtáil agus rath a bheith orthu. Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a dhéanann comhordú ar chur chun feidhme an chláir https://pollinators.ie/

14 Is é an Clár Éire Ildánach de chuid an Rialtais an creat forfheidhmithe chun cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn agus a neartú ar fud na hÉireann. https://www.creativeireland.gov.ie/en/




Oak Tree. Richard Nairn

# Eolas a Chothú agus a Chomhroinnt

An bonn eolais don oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha a fheabhsú agus a leathnú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais.






Tacú le hOidhreacht Gheolaíochta i gCill Mhantáin - *Féach Aguisín 2 chun teacht ar shonraí faoin tionscadal seo agus tionscadail oidhreachta eile roimhe seo*

| Gníomhartha | | Torthaí |
|---|---|---|
| 35 | Tacú le tionscadail chun gnéithe d'oidhreacht Chill Mhantáin a aithint agus a thaifeadadh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí faisnéise, ag díriú go háirithe ar oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe. Iarracht a dhéanamh an ghné seo d'oidhreacht Chill Mhantáin a dhoiciméadú agus a roinnt. | |
| 36 | GIS agus uirlisí eile a fhorbairt chun aithint, mapáil agus cosaint na hoidhreachta a leabú tuilleadh sa phróiseas pleanála agus seachadta inbhuanaithe an bhonneagair ghlais. | |
| 37 | Iniúchadh a dhéanamh ar bhailiúcháin oidhreachta ó bhéal i gCill Mhantáin, ag aithint riachtanais chaomhnaithe agus ag tacú le forbairt rochtana cuí agus inbhuanaithe. | Bonn méadaithe eolais ar oidhreacht Chill Mhantáin. |
| 38 | Iniúchadh a dhéanamh ar bhailiúcháin oidhreachta de bhunús Chill Mhantáin in áiseanna Oidhreachta Cultúrtha Náisiúnta d'fhonn catalóg ar líne díobh seo a chruthú agus a thaispeáint ar Ár nOidhreacht Chill Mhantáin. | |
| 39 | Taighde a bhaineann le hOidhreacht Chill Mhantáin a chomhroinnt trí thacú le foilseacháin a eisiúint agus imeachtaí a reáchtáil, trí úsáid a bhaint as na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha i bhformáidí cruthaitheacha agus nuálacha. | |

# Ag Freagairt don Athrú Aeráide

Oidhreacht an chontae a chosaint ó thionchar an athraithe aeráide trí chur chuige bunaithe ar áit a ghlacadh a thugann cuntas ar chúinsí áitiúla, ag bunú bonnlíne maidir le hoiriúnú agus maolú, agus trí bhearta atá bunaithe ar nádúr a ghlacadh chun tionchair a laghdú. Cuideoidh an tOifigeach Oidhreachta mar chuid den Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na gníomhartha seo a leanas a sheachadadh.



| Gníomhartha | | Torthaí |
|---|---|---|
| 40 | Tacú leis na Pleananna Earnála Náisiúnta um Oiriúnú Aeráide[15] don Bhithéagsúlacht, don Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta i gCill Mhantáin, Cairt Ghníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil[16] agus Plean Gníomhaíochta Aeráide Chontae Chill Mhantáin a sheachadadh. | Tá gnéithe oidhreachta ina gcuid lárnach de chur chuige Chomhairle Contae Chill Mhantáin maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide. |
| 41 | Tacú le hathléimneacht aeráide a neadú mar chuid de na pleananna go léir faoin gCiste Athfhorbartha Tuaithe[17], Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach[18], Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte[19] agus an Clár CLÁR[20]. | |
| 42 | Treoirlínte náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le measúnú riosca aeráide ar shócmhainní oidhreachta faoi úinéireacht na Comhairle (nádúrtha agus tógtha) agus sainaithint a dhéanamh ar réimsí tosaíochta le haghaidh gnímh. | |
| 43 | Tacaíocht a thabhairt do bhearta atá bunaithe ar an dúlra agus iad a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta agus dea-chleachtas maidir le bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ardtailte Chill Mhantáin, oidhreacht nádúrtha, gnáthóga agus tírdhreacha, e.g. athchóiriú portach, cosaint cósta, rialú dóiteáin, athfhianú bruacha abhann agus ardtailte a athchóiriú chun sochair iartheachtacha. | |
| 44 | Tacaíocht agus cur chun cinn an dea-chleachtais maidir le hathúsáid oiriúnaitheach struchtúir stairiúla agus athléimneacht aeráide a chothú maidir le hoidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta trí scéimeanna amhail an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha, Ciste na Struchtúr Stairiúil[21], Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann[22] agus an Ciste Séadchomharthaí Pobail. | |
| 45 | Pobail a spreagadh le bheith páirteach i dtionscadail um ghníomhaíocht aeráide a dhéanann an oidhreacht a chosaint trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara eile chun an tSeachtain um Ghníomhú na hAeráide a sheachadadh agus Clár Scoileanna Glasa An Taisce, an Scéim Oidhreachta i Scoileanna agus cláir eile a spreagann rannpháirtíocht ghníomhach ar chúrsaí aeráide agus bithéagsúlachta a chur chun cinn. | |

15 Pleanáil Oiriúnaithe Earnála na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide https://www.gov.ie/ga/collection/51df3-sectoral-adaptation-planning/

16 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Pleanáil Oiriúnaithe Earnála gov - Local Authority https://www.gov.ie/ga/publication/d914a-local-authority-climate-action-charter/

17 Is príomhscéim infheistíochta caipitil é an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe a thacaíonn go díreach le cuspóirí Ár dTodhchaí Tuaithe agus an Beartas um Thús Áite do Lár an Bhaile. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/

18 Tá sé mar aidhm ag an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach forbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a sheachadadh, mar a shamhlaítear faoi Thionscadal Éireann 2040 trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail athnuachana i gcúig chathair na hÉireann agus i mbailte móra eile ar fud na tíre. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/

19 Tá an Scéim Bailte agus Sráidbhailte ar cheann de shraith de bheart tacaíochta náisiúnta agus áitiúla atá deartha chun bailte agus sráidbhailte beaga tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan, faoi Chlár Infheistíochta Forbartha Tuaithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-rural-and-community-development/

20 Cuireann an clár CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) maoiniú ar fáil do thionscadail bhonneagair ar scála beag i gceantair thuaithe chun tacú le forbairt inbhuanaithe i gceantair aitheanta trí dhaoine a mhealladh chun cónaí agus oibriú ann. https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-rural-and-community-development/

21 Tacaíonn Ciste na Struchtúr Stairiúil le caomhnú agus feabhsú na struchtúr agus na bhfoirgneamh stairiúil ar mhaithe le leas ginearálta na bpobal agus an phobail https://www.gov.ie/ga/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/

22 Is é ról Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann ná comhaontú agus comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí straitéiseacha na n-údarás áitiúil agus na ngrúpaí pobail a bhfuil baint acu le bainistíocht, caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar bhailte múrtha stairiúla in Éirinn, Thuaidh agus Theas https://irishwalledtownsnetwork.ie/

# Aguisíní



# Aguisín 1.
## Baill Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin

| | | |
|---|---|---|
| 1. | **An Clr John Snell** | Ceantar Bardasach Chill Mhantáin |
| 2. | **An Clr Caroline Winstanley** | Ceantar Bardasach Bhré |
| 3. | **An Clr Gerry O Neill** | Ceantar Bardasach Bhealach Conglais |
| 4. | **An Clr Orla Finn** | Ceantar Bardasach na gCloch Liath |
| 5. | **An Clr Peir Leonard** | Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir |
| 6. | **Alison Keogh** | Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin |
| 7. | **Lorna Kelly** | Comhairle Ardtailte Chill Mhantáin |
| 8. | **Ann Fitzpatrick** | Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin/ An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| 9. | **Duncan Byrne** | Iascach Intíre Éireann |
| 10. | **Chris Corlett** | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| 11. | **Ann Lyons** | Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin |
| 12. | **John Goodman** | Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin |
| 13. | **Niamh Fitzgerald** | Cairde Éanlaith Éireann |
| 14. | **Joan Kavanagh** | Staraí Áitiúil |
| 15. | **Catherine Wright** | Seirbhísí Cartlainne Chontae Chill Mhantáin |
| 16. | **Gerlanda Maniglia** | Staidéir Áitiúla Sheirbhís Leabharlainne Chontae Chill Mhantáin |
| 17. | **Hannah O'Kelly** | Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin |
| 18. | **Yvonne Whitty** | Seirbhís Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin |
| 19. | **Deirdre Burns** | Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin |

# Aguisín 2.
## Rogha de Thionscadail an Phlean Oidhreachta Roimhe Seo







### Tionscadal Scréachóg Reilige Chill Mhantáin 1

TIs é aidhm an tionscnaimh seo feabhas a chur ar dhaonra pórúcháin na Scréachóg Reilige i gCill Mhantáin. Ag tús an tionscadail in 2022, níor taifeadadh ach dhá phéire don chontae ar fad. Tá fócas na gníomhaíochta ar spreagadh a thabhairt do bhaill an phobail tuairisc a thabhairt ar radharc ar an Scréachóg Reilige; faisnéis a thiomsú chuig bunachar sonraí GIS agus bréag-ghnáthóga neadaithe (boscaí) a shuiteáil.

Go dtí seo, tá breis agus 70 bosca suiteáilte ag an ngrúpa (laistigh agus lasmuigh) agus tá an-chuid radharc taifeadadh acu. Áirítear le clár gníomhach rannpháirtíochta poiblí féilirí agus póstaeir a eisiúint, cainteanna rialta a reáchtáil, imeachtaí a eagrú don tSeachtain Oidhreachta amhail an cheardlann 'Poo and Pellets' in 2024 agus freastal ar imeachtaí bliantúla amhail Seó Talmhaíochta Thigh na hÉille.

In 2024, chuir Seirbhís Leabharlainne Chill Mhantáin Scréachóg Reilige Chill Mhantáin mar shonóg ar an gcárta leabharlainne, mar aon le nasc chuig ár n-acmhainní gréasáin. D'éirigh thar barr lenár n-iarrachtaí! Ba bhliain iontach í 2024 do na Scréachóga Reilige i gCill Mhantáin agus taifeadadh 24 éanóg, an tromlach díobh ag baint úsáide as ár mboscaí neadaithe. Maoinítear an tionscadal seo trí chiste an Phlean Oidhreachta Contae agus Ciste an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil agus faightear ranníocaíochtaí comhchineálacha suntasacha ó fhoireann na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra áitiúla, Cairde Éanlaith Éireann agus oibrithe deonacha.

### Wicklow Community Archaeology Service 2

Déanann an tOifigeach Oidhreachta comhordú ar Sheirbhís Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin agus tugann an Chomhairle Oidhreachta tacaíocht dó mar threoirthionscadal tríd an bPlean Oidhreachta. Cuireann Seirbhís Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin seirbhísí gairmiúla seandálaíochta ar fáil do phobail chun tacú le taighde, cosaint agus bainistíocht láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta áitiúla. Tá ról fíorluachmhar ag Seirbhís Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin in iarratais ar scéimeanna deontais a spreagadh, amhail Ciste na Séadchomharthaí Pobail agus Scéim Deontais Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta, agus in éascú a dhéanamh ar thionscadail taifeadta agus léirmhínithe reiligí stairiúla pobalbhunaithe.

Is cuid thábhachtach den ról é for-rochtain phoiblí agus scaipeann ár seandálaí tionscadail, Yvonne Whitty, faisnéis go rialta trí phostálacha ar na meáin shóisialta, ailt ar shuíomh gréasáin *Ár nOidhreacht Chill Mhantáin*, agus trí chruinnithe pearsanta, cainteanna, cuir i láthair agus imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta. Tá eolas bunlíne suntasach nuashonraithe cruthaithe ag Seirbhís Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin ar láithreáin eaglaise meánaoiseacha i gCill Mhantáin, faisnéis chun tacú le measúnú sa todhchaí ar leochaileacht sócmhainní oidhreachta mar chuid de ghníomhaíochtaí aeráide na Comhairle.







## Fóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch

Bunaíodh an comhlacht neamhreachtúil seo ina bhfuil páirtithe leasmhara amhail gníomhaireachtaí stáit, taighdeoirí agus cónaitheoirí áitiúla in 2015 chun tuiscint agus comhoibriú níos leithne a chur chun cinn maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar oidhreacht iontach chultúrtha Ghleann Dá Loch.

Ó shin i leith, tacaíonn an Oifig Oidhreachta, tríd an bPlean Oidhreachta Contae, le príomhspriocanna inghnóthaithe an ghrúpa, clár tochailte pobail bliantúil arna chomhordú ag Scoil na Seandálaíochta, COBÁC ina measc. Reáchtáiltear clár bliantúil de ghníomhaíochtaí for-rochtana lena n-áirítear cainteanna, siúlóidí, laethanta oscailte, taispeántais, agus imeachtaí do pháistí ar nós an 'Big Dig' agus ceardlanna Lego le linn Sheachtain na hOidhreachta agus i rith na bliana.

I measc na n-aschur eile, rinneadh trí ghearrscannán (ar fáil ar chainéal YouTube Oidhreacht Chill Mhantáin) agus foilsíodh dhá mhír ionsáite *Seandálaíocht Éireann*, ceann acu ag iniúchadh Lonnaíocht Mhanachúil Ghleann Dá Loch agus an ceann eile bunaithe ar Loch Uachtarach Ghleann Dá Loch.

## Cartlann phobail *Ár nOidhreacht Chill Mhantáin*

Is éard is Cartlanna Pobail ann ná ardáin bunaithe ar shuíomh gréasáin a chuireann ar chumas pobail áitiúla scéal oidhreachta a muintire, a n-áite dúchais agus a dtopaicí a chur le chéile. Comhordaíonn Ard-Mhúsaem na hÉireann Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (ICAN) ar leibhéal náisiúnta, agus ar leibhéal áitiúil i gCill Mhantáin ag Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus na Seirbhísí Cartlainne & Leabharlann Staidéar Áitiúil mar ghníomh de Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin. Tar éis clárú le ICAN mar shuíomh contae ar dtús in 2012, méadaíodh líonra Chill Mhantáin go suíomh gréasáin il-ardáin in 2020 agus cuireadh sé ghrúpa pobail nua leis. In 2023 tar éis glao oscailte, cuirfimid fáilte roimh cheithre shuíomh gréasáin pobail breise chuig ár líonra faoi dheireadh 2024, rud a fhágann go bhfuil 11 ann do chontae Chill Mhantáin san iomlán.

Cuid lárnach den aistear do rannpháirtithe is ea breisoiliúint i raon de thaighde digiteach, stairiúil, cruthú ábhair agus scileanna eile, agus an deis iontach chun líonrú a dhéanamh, ag roinnt eolais agus taithí le grúpaí agus daoine aonair eile ar fud na hÉireann. Féach www.wicklowheritage.org chun níos mó eolais a fháil.

## Geolaíocht Chontae Chill Mhantáin 3

Sócmhainn bhunúsach de Chill Mhantáin is ea an gheolaíocht agus is cuid lárnach dár n-oidhreacht nádúrtha í. Is cúlra an-fheiceálach í dár dtírdhreach, dár mbithéagsúlacht, dár radhairc agus do chreatlach shaol na ndaoine, ag dul i bhfeidhm ar lonnaíocht stairiúil agus reatha agus ar ghníomhaíocht shocheacnamaíoch. Rinneadh iniúchadh ar shuímh gheolaíochta sa chontae mar ghníomh den Phlean Oidhreachta in 2014 i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus an Chomhairle Oidhreachta. De bhun an taighde seo, áiríodh na suíomhanna seo mar 'shuíomhanna Geolaíochta Contae' sa Phlean Forbartha Contae agus bunaíodh gníomhaíochtaí for-rochtana agus taispeántais air chomh maith.

In 2022 bhí áthas orainn foilseachán contae a sheoladh chun cur lenár n-iarrachtaí roimhe seo agus an fhaisnéis seo a chur i láthair i bhformáid nua. Tá "Glens, Glaciers and Granite – An Exploration of the geology of county Wicklow" le Matthew Parkes, Robert Meehan, Vincent Gallagher, Ronan Hennessy agus Sarah Gatley ar fáil i siopaí leabhar áitiúla agus ó www.gsi.ie. Dáileadh cóip saor in aisce ar gach meánscoil i gcontae Chill Mhantáin chun cabhrú lena staidéar curaclaim.

## Tionscadail arna maoiniú ag Ciste na Séadchomharthaí Pobail 4

Tugadh isteach Ciste na Séadchomharthaí Pobail ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta in 2020 agus cuireann sé maoiniú ar fáil chun tacú le húinéirí príobháideacha, údaráis áitiúla agus caomhnóirí eile agus chun rochtain ar láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta a chosaint, a bhainistiú, a fheabhsú agus feabhas a chur ar athléimneacht aeráide, mar aon le taighde a dhéanamh. Déanann an tOifigeach Oidhreachta comhordú ar Chiste na Séadchomharthaí Pobail i gCill Mhantáin agus tairgeann sé cúnamh deontais suas le 100% do thionscadail rathúla. Ó 2021 i leith, bhain 25 tionscadal i gcontae Chill Mhantáin leas as infheistíocht iomlán arbh fhiú €566,420 í.

I measc na dtionscadal sin, tá oibreacha deisiúcháin fhisiciúil ar nós Chaisleán an Inbhir Mhóir agus Séipéal Mhuileann Mhic Dhuibh, ullmhú pleananna caomhantais do Chaisleán an Chaisleáin Nua, Eaglais Chill Phíp agus Eaglais Chillín Chaoimhín, suirbhé LIDAR ar Dhúnta Bhealach Conglais, suirbhéireacht gheoifisiceach ag Cill Bhríde, podchraoladh a dhéanamh maidir le Caisleán Caoimhín, suirbhéireacht dhigiteach a dhéanamh ar reiligí stairiúla agus comharthaí faisnéise a chur le chéile.










## Bithéagsúlacht Chuan an Bhriotáis 5

Chuir an tOifigeach Oidhreachta tús le plean bainistíochta caomhantais maidir le talamh faoi úinéireacht na Comhairle ag trá agus coimpléasc dumhcha Chuan an Bhriotáis, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta. Cuireadh clár bliantúil gníomhaíochtaí i bhfeidhm ansin thar thréimhse chúig bliana, 2019-2023. I measc na mbeart caomhantais, tá cruthú ceapacha innilte agus bainte trialacha, fálú, tabhairt isteach eallach innilte, rialú draighneán mara, agus monatóireacht ar chúrsaí luibheolaíochta, féileacán agus éan.

Rinneadh staidéar léirmhínithe agus cuireadh isteach brandáil agus léirmhíniú nua. Cuid lárnach den chlár is ea rannpháirtíocht oibrithe deonacha i léarscáiliú agus baint speiceas ionrach (draighneán mara) mar aon leis an bhféilire bliantúil de chainteanna oideachais agus múscailte feasachta, siúlóidí agus ceardlanna a cruthaíodh go speisialta faoin teideal ‘Behind the Beach’. Bronnadh gradam Airgid ar an tionscadal seo sna Dámhachtainí Pobail & Comhairle Uile-Éireann 2020 faoin gcatagóir Tionscnaimh Timpeallachta/Éiceolaíochta is Fearr. Leanann an clár ar aghaidh in 2024 agus é á mhaoirsiú ag an Oifigeach Bithéagsúlachta agus á thacú trí chiste an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil.

## Ag Tacú leis an Oidhreacht Thógtha 6

Reáchtálann rannóg na hOidhreachta Ailtireachta de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta scéimeanna deontais bliantúla d'úinéirí agus caomhnóirí déanmhas cosanta agus foirgneamh stairiúil eile. Tá fócas na scéimeanna ar thionscadail dlúthfhostaíochta ar scála beag chun ár dtimpeallacht thógtha stairiúil a dheisiú agus a chaomhnú agus é a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de. Tugann na scéimeanna tacaíocht ríthábhachtach chomh maith do phoist áitiúla i gcaomhnú, i scileanna traidisiúnta agus i dtionscal na tógála.

Déanann an Oifig Oidhreachta comhordú ar na scéimeanna i gcontae Chill Mhantáin (Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus Ciste na Struchtúr Stairiúil. Sna sé bliana ó 2019 go 2024 (an dá bhliain sin san áireamh freisin) bhain tionscadail ailtireachta i gCill Mhantáin leas as infheistíocht beagán sa bhreis ar €1m.

## Bailiúcháin Dhigiteacha Chartlann Contae Chill Mhantáin 7

Tá bailiúchán fairsing de chartlanna digitithe ag Seirbhís Chartlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin le fáil ar www.wicklow.ie agus é ag dul i méid i gcónaí. Cuireann bailiúcháin chartlainne na comhairle contae scéal fhorbairt na bpobal agus an lucht riaracháin a rinne freastal orthu in iúl. Coinníonn siad taifid na gcomhairlí contae agus a réamhtheachtaithe lena n-áirítear na hArd-Ghiúiréithe, Boird Chaomhnóirí agus Coimisinéirí Baile. Léiríonn bailiúcháin Sheirbhís Chartlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin pictiúr beoga den saol inár gceantair agus cuimsítear iontu páipéir phríobháideacha agus cartlanna gnó na dteaghlach a riar, a mhair agus a d'oibrigh sa chontae.

Cothaítear tuiscint níos fearr ar imeachtaí stairiúla agus a n-oidhreachtaí trí thaighde a dhéanamh ar chartlanna áitiúla agus, mar sin, spreagtar pobail chun tuilleadh taiscéalaíochta agus machnaimh a dhéanamh. Is léiriú inláimhsithe é ar na buntáistí a bhaineann le rochtain phoiblí saor in aisce a thabhairt ar fhoinsí barántúla áitiúla cartlainne, lena n-áirítear rochtain ar líne ar chartlanna digitithe, amhail na cinn atá ar fáil ar www.wicklow.ie.










## Tionscadal Scoileanna Staidéir Áitiúil Chill Mhantáin 8

Mar chuid dá Clár Scoileanna, chuir Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin sraith de phacáistí oideachais ar fáil chun tacú le múinteoirí agus le daltaí a gcuid Measúnuithe Rangbhunaithe do Stair an Teastais Shóisearaigh (MRBnna) a chomhlánú. Áiríodh leis seo '*Treoir do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn ar Leabharlann Staidéar Áitiúil*' agus roinnt acmhainní digiteacha tacaíochta. Scaipeadh na Treoracha ar scoileanna agus thug an leabharlannaí Staidéar Áitiúil cuairteanna ranga chun na hacmhainní a chur chun cinn i measc na ndaltaí.

Cuireadh clabhsúr leis an tionscadal le taispeántas d'obair na mac léinn i mbrainse Leabharlann Bhaile Chill Mhantáin chun stair shaibhir Chontae Chill Mhantáin a léiriú agus, ag an am céanna, béim a chur ar oidhreacht éagsúil na ndaltaí atá ag freastal ar an meánscoil áitiúil, Coláiste Chill Mhantáin. Chuimsigh an taispeántas breis agus 40 taispeántas ó áiteanna ar fud cheantar Chill Mhantáin agus chomh fada i gcéin leis an Moldóiv, an Liotuáin agus an Afraic Theas. Bhí an taispeántas ar siúl ar feadh níos mó ná trí seachtaine ó Mhárta go hAibreán 2023. Cuireadh físmontáis d'obair an dalta isteach le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta 2023.

## Éire Ildánach - Wicklow's Wonder Women 9

Chun comóradh 100 bliain a dhéanamh ar Representation of the People Act, 1918 a thug cead do mhná vóta a chaitheamh den chéad uair, tugadh cuireadh do bhaill an phobail scéalta a chur isteach faoi mhná Chill Mhantáin a chuir lenár gceantair áitiúla, Contae Chill Mhantáin, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta. Mar thoradh ar fhreagairt iontach, cuireadh na scéalta a fuarthas ar aghaidh chuig taispeántas Náisiúnta, chomh maith le taispeántas taistil dar teideal Our Wicklow Women a chur le chéile.

I measc na gcainteanna agus na n-imeachtaí, reáchtáladh imeacht athléirithe an-siamsúil i gcuan na gCloch Liath a bhuí sin le leanaí scoile áitiúla agus cuireadh leabhrán cuimhneacháin ar fáil chomh maith. Leathnaíodh an tionscadal seo faoi Éire Ildánach, agus é ina chuid den tionscadal Mná 100 agus rinneadh clár spreagúil chomh maith a léirigh saol beirt bhan mhisniúla ó Chill Mhantáin – Averil Deverell agus Kate Tyrell, agus rinneadh ceiliúradh orthu le himeachtaí speisialta. Mar chuid den chlár 'Wicklow's Wonder Women', reáchtáladh seó soilse iontach, caint stairiúil, ceardlann eispéireasach na mBreithiúna agus imeacht salón. Is comhoibriú é an tionscadal seo le Herstory Education Trust, ardán ildisciplíneach scéalaíochta a léiríonn agus a cheiliúrann eiseamláirí ban.

## Deich mBliana na gCuimhneachán - Tionscadal Cogaidh Cathartha na Cartlainne 10

Tá Wicklow Gaol Comrades: A Civil War Autograph Book ar ceann de thionscadail go léir a rinne Seirbhís Chartlainne Chontae Chill Mhantáin mar chuid den chomóradh Deich mBliana na gCuimhneachán. Is éard atá sa tionscadal, a rinneadh i gcomhar le Cartlann Chontae Loch Garman, foilseachán, taispeántas agus físeán agus insítear ann scéalta na bhfear a coinníodh i bPríosún Chill Mhantáin le linn an Chogaidh Chathartha.

Tá na príosúnaigh le fáil i leabhar sínithe ó 1923, a bronnadh ar Chartlann Chontae Loch Garman blianta fada ó shin. Is éard atá ann ná rainn, teachtaireachtaí, sceitsí agus cartúin, iad go léir ag meabhrú ar dhaonnacht, misneach agus greann na bhfear i dtimpeallacht ghruama Phríosún Chill Mhantáin, áit a raibh todhchaí éiginnte rompu. Ba as Cill Mhantáin, Loch Garman, Ceatharlach, Cill Dara, an Iarmhí agus Baile Átha Cliath na fir. Mar chuid den tionscadal, lorgaíodh gaolta na bpríosúnach agus tugadh cuireadh dóibh chuig Príosún Chill Mhantáin oíche an tseolta agus gabhadh buíochas leo as an méid a chuir siad leis an bhfoilseachán, le físeáin agus leis an taispeántas. Tá ról lárnach ag cartlanna in athmheasúnú a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar an tréimhse ríthábhachtach seo i stair na tíre. Go deimhin, is foinse shaibhir thorthúil iad cartlanna contae le haghaidh taighde le linn na tréimhse réabhlóidí agus luathbhlianta stáit na hÉireann, go háirithe maidir le scéalta na bhfear agus na mban coitianta a ndeachaigh an méid a tharla go mór i bhfeidhm orthu i rith an ama. Thacaigh Comhairlí Contae Chill Mhantáin agus Loch Garman agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoina maoiniú don chomóradh Deich mBliana na gCuimhneachán. Tá an tionscadal seo ar cheann de roinnt tionscadal a rinne Seirbhís Chartlainne Chontae Chill Mhantáin chun Deich mBliana na gCuimhneachán a chomóradh, lena n-áirítear foilseacháin, taispeántais, cainteanna, podchraoltaí agus acmhainní ar líne.

# **Aguisín 3.**
# Comhairliúchán agus Rannpháirtithe

Míle buíochas do na daoine aonair, na grúpaí agus na heagraíochtaí go léir a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin réamhdhréachta.

**Donard Imaal History, mar bhall de ICAN**

**Comhairle Ardtailte Chill Mhantáin**

**Understory**

**Cumann Ginealais na hÉireann**

**Coollattin Canadian Connection**

**Save Wicklow's Ancient East**

**Foireann Baile na gCloch Liath**

**Músaem Muirí an Inbhir Mhóir**

**Keep Ireland Open**

**Comhairle Pobail Dheilgne**

**Comhaontas Cosanta Cósta an Oirdheiscirt DAC**

**Tessa Stewart agus Rosemary Warner**

**William Hourie**

**An Chomhairle Oidhreachta**

**Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**

**Bonneagar Iompair Éireann**

**Iascach Intíre Éireann**

Míle buíochas do na daoine aonair, na grúpaí agus na heagraíochtaí go léir a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin (Samhain 2024-Eanáir 2025)

**Tessa Stewart**

**Rosemary Warner**

**Paul Carberry, Save Wicklow's Ancient East**

**Mervyn Taylor**

**Craig Bishop & Shane Stokes, Natural Environment and Biodiversity sub group of Newtownmountkennedy Tidy Towns Group**

**Keep Ireland Open**

**Grúpa Bailte Slachtmhara Bhealach Conglais**

**Comhairle Contae Chill Dara**

**Bonneagar Iompair Éireann**



# Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin

## 2025—2030

Plean Comhpháirtíochta Arna Ullmhú ag
Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin

